Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10332/18**

**FIN 491**
**CADREFIN 124**
**FC 32**
**FSTR 36**
**REGIO 47**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9677/18 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU support for productive investments in businesses - greater focus on durability needed* [Tacaíocht ón Aontas maidir le hinfheistiú táirgiúil i ngnólachtaí - tugaimis aird ar leith ar an mbuaine]<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, conclúidí na Comhairle maidir le "Tacaíocht ón Aontas maidir le hinfheistiú táirgiúil i ngnólachtaí - tugaimis aird ar leith ar an mbuaine", a ghlac an Chomhairle ag an 3624ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 18 Meitheamh 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2018**
**ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

***EU support for productive investments in businesses - greater focus on durability needed***
**[Tacaíocht ón Aontas maidir le hinfheistiú táirgiúil i ngnólachtaí - tugaimis aird ar leith ar an mbuaine]**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" feasta) agus barúlacha an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéantar measúnú sa Tuarascáil ar bhuaine na nithe a bhí mar thoradh ar infheistiú táirgiúil i ngnólachtaí i gcúig cinn de Bhallstáit[1] faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CRFE) idir 2000-2006 agus 2007-2013;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, eadhon:

- Na ceanglais maidir le buaine, faoi dhlí an Aontais, comhlíonadh iad sna réigiúin uile ina ndearnadh an t-iniúchadh;
- Bhí an toradh a bhí beartaithe, a bheag nó a mhór, ar na tionscadail sin a iniúchadh;
- Bhí buaine ag roinnt le formhór na dtionscadal a iniúchadh agus buaine i bpáirt ag roinnt leis an gceathrú cuid acu. Ach b'fhacthas i gcás an chúigiú cuid de na tionscadail, nach raibh siad buanseasmhach;

[1] An Ostair, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Pholainn.

- I gcás easpa buaine, shainaithin an Chúirt na bunchúiseanna a bhí leis: nach rabhthas ag díriú go leordhóthanach ar an mbuaine ar leibhéil éagsúla bainistithe cistí Aontais, laigí sa chóras bainistíochta agus i gcásanna áirithe, tosca eisginiúla, amhail an ghéarchéim eacnamaíochta;
- Bhí toradh lom díreach ar fhormhór na dtionscadal, bainteach le cruthú post den chuid is mó, mar aon le rochtain níos fearr ar mhaoiniú agus ar iasachtaí, méadú ar an táirgeadh agus ar an táirgiúlacht, agus tuilleadh fós agus an tionscadal tugtha chun críche;
- Leis an gcreat rialála don bheartas comhtháite don tréimhse 2014-2020, treisíodh an aird atá á tabhairt ar an mbuaine;
- Tá tuilleadh feabhsuithe molta ag an gCúirt chun cur le buaine na dtorthaí i gcás an bheartais comhtháite ó 2020 ar aghaidh;

(4) IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sásúil, a bheag nó a mhór, buaine na dtionscadal, mar a léiríodh sa Tuarascáil;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil coincheap na buaine a úsáidtear san iniúchadh éagsúil ó na ceanglais a shainítear i reachtaíocht an Aontais i dtaca leis an mbuaine le haghaidh na clárthréimhse reatha agus na clárthréimhse roimhe seo agus nach bhfuil sé i gceist le moltaí na Cúirte athruithe reachtacha a chur i bhfeidhm le linn na clárthréimhse reatha ná na clárthréimhse dár gcionn;

(6) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé don Chomhairle go dtabharfaí aird ar an bhfeidhmíocht i gcás an bheartais comhtháite, agus go bhfuil a fhianaise sin le feiceáil *inter alia* trí na gnéithe nua feidhmíochtbhunaithe a tugadh isteach faoi reachtaíocht an bheartais comhtháite 2014-2020;

(7) I bhfianaise mholtaí na Cúirte:

a) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh, ar a leibhéil bhainistíochta faoi seach, ionas go gcomhlíonfar na ceanglais dlí maidir leis an mbuaine i gcás infheistiú táirgiúil;
b) MEASANN SÍ go bhféadfadh sé go ngabhfadh costais bhreise agus ualach breise riaracháin ar thairbhithe agus ar struchtúir bhainistithe agus chur chun feidhme dá leagfaí síos tuilleadh ceanglas maidir leis an mbuaine, go háirithe i dtaca le faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh;
c) IARRANN SÍ ar na Ballstáit féachaint le caillteanais marbhualaigh a sheachaint a mhéid is féidir agus nósanna imeachta roghnúcháin na dtionscadal á leagan amach acu;
d) MEASANN SÍ, áfach, gur mó an baol atá ann maidir le buaine in earnálacha nuálacha, ar earnálacha iad iontu féin a bhíonn ag síorathrú;
e) CUIREANN SÍ I dTREIS chomh deacair is atá sé teacht ar chúisíocht idir an toradh atá ar thionscadal ar leith agus an tairbhe neamhdhíreach atá ann don réigiún ina iomláine;
f) CUIREANN SÍ I dTREIS nach bhfuil baint ag cinntí maidir le bearta ceartaitheacha leis an sárú ar cheanglais dhlí an Aontais i dtaca leis an mbuaine ach gur faoi inniúlacht an Bhallstáit agus a údarás bainistithe atá sé má theipeann orthu spriocanna áirithe a bhaint amach i gcás tionscadail.
g) MEASANN SÍ gur coincheap seanbhunaithe é an bhuaine sa bheartas comhtháite agus go bhféadfaí mar sin breathnú air mar dhea-chleachtas i gcás ionstraimí uile an Aontais a bhaineann le hinfheistiú táirgiúil agus le bonneagar táirgiúil.